Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Iúil 2022
(OR. en)

11479/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0139(NLE)**

AVIATION 173
RELEX 1046
ASIE 52

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair idir Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a shíniú, thar ceann an Aontais<br>- Glacadh |

1. Is toradh é an dréachtchomhaontú thuas ar an gcaibidlíocht a rinne an Coimisiún ar bhonn an údaraithe a thug an Chomhairle don Choimisiún an 7 Meitheamh 2016 agus an 26 Bealtaine 2020 tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) d'fhonn Comhaontú Cuimsitheach Aeriompair a thabhairt i gcrích. Tháinig na hidirbheartaithe ar chomhaontú maidir leis an dréacht-téacs an 2 Meitheamh 2021.

2. An 6 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle a thograí le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an dréachtchomhaontaithe thuasluaite agus le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin (8887/22 agus 8884/22 faoi seach).

3. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Eitlíocht an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síniú le linn na gcruinnithe a bhí aici an 24 Bealtaine agus an 7 Iúil 2022.

4. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le síniú agus ar théacs an dréachtchomhaontaithe.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar an dréachtchinneadh ón gComhairle mar a leagtar amach in J/L 8896/22 é agus ar théacs an dréachtchomhaontaithe mar a leagtar amach in J/L 8974/22 é, agus a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' de chlár oibre cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh sin a ghlacadh ionas go bhféadfar an Comhaontú a shíniú.

6. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus déanfar an Cinneadh a tharchur chuig PE.

7. Sa chomhthéacs sin, tugtar ar aird go dtacaíonn na Ballstáit freisin, ina gcáil mar Pháirtithe sa Chomhaontú in éineacht leis an Aontas, le síniú an dréachtchomhaontaithe.